2027.M120S2T

2027L571A1IS2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta
Sampla 2

# Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Ardleibhéal

2 uair 30 nóiméad

300 marc

Scrúduimhir

Dáta Breithe

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

Stampa an Ionaid

## Treoracha

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach peann luaidhe nó pinn luaidhe dathadóireachta a úsáid sna graif agus sna léaráidí amháin.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Roinn A** 60 marc

Tá ceist amháin sa roinn seo, freagair **gach** cuid den cheist seo.

**Roinn B** 160 marc

Freagair **ceithre** cheist ar bith sa roinn seo. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn C** 80 marc


Freagair ceist **amháin** sa roinn seo. Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

| Roinn A | 60 marc |
|---|---|

Freagair **gach** cuid den cheist seo.

**Ceist 1** **(60 marc)**

**(a)** Scrúdaigh **Fíor 1** thíos ina léirítear an iarmhairt ceaptha teasa agus freagair an cheist a leanas.




**Fíor 1**

Meaitseáil gach ceann de na lipéid **A**, **B**, **C** agus **D** ó **Fhíor 1** leis an gcur síos is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos. Tá ceann amháin déanta duit.

| Cur síos | Lipéad |
|---|---|
| Déanann dromchla an Domhain roinnt fuinnimh a athastú mar radaíocht infridhearg. | **A** |
| An méid d'fhuinneamh na gréine nach n-ionsúitear san atmaisféar, sroicheann sé dromchla an Domhain, áit a n-ionsúitear roinnt de. | |
| Roinnt den fhuinneamh a athastaíonn an Domhan, téann sé díreach tríd an atmaisféar. | |
| Roinnt den fhuinneamh a athastaíonn an Domhan, gabhann gáis ceaptha teasa san atmaisféar é. | |

**(b)** Meaitseáil gach ceann de na tosca nádúrtha a liostaítear thíos leis an tionchar a bhíonn aici ar aeráid an Domhain sa tábla. Tá ceann amháin déanta duit.

| Tosca Nádúrtha | | | |
|---|---|---|---|
| **A**<br>Éabhlóid alga ghlais agus plandaí | **B**<br>Foirmiú na n-aigéan | **C**<br>Foirmiú breoslaí iontaise | **D**<br>~~Brúchtaí bolcánacha~~ |

| Tionchar ar Aeráid an Domhain | Litir |
|---|---|
| D'fhuaraigh sé seo aeráid an Domhain mar go raibh níos lú fuinnimh ón ngrian ag teacht chomh fada le dromchla an Domhain. | **D** |
| Ionsúdh $CO_2$ leis seo agus thit teochtaí ar fud an domhain dá bharr. | |
| Scaoileadh ocsaigin leis seo agus ionsúdh $CO_2$ agus thit teochtaí ar fud an domhain. | |
| Leis seo, gabhadh carbón, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar an $CO_2$ in atmaisféar an Domhain agus thit teochtaí ar fud an domhain. | |

**(c)** Cad iad na **trí** cinn de na héilimh seo a leanas is fearr atá ag teacht le feachtas domhanda ar son ceartas aeráide.

Cuir tic (✓) sna **trí** bhosca atá ceart.

**(i)** Laghduithe suntasacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa Domhan Thuaidh. ☐


**(ii)** Fiachas éiceolaíoch á íoc le tíortha sa Domhan Theas. ☐

**(iii)** Ról barrthábhachtach a bheith ag pobail dúchais i gcinnteoireacht maidir leis an athrú aeráide ag comhdhálacha na Náisiún Aontaithe. ☐

**(iv)** Gach tír na laghduithe céanna a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. ☐

**(v)** Iasachtaí, a bheidh le haisíoc le hús, a bheith á dtabhairt ag tíortha saibhre do na tíortha ina bhfuil an tionchar is measa ag an athrú aeráide. ☐

**(d)** Scrúdaigh an graf i **bhFíor 2** thíos ina léirítear eolas faoi $CO_2$ san atmaisféar ag Réadlann Mauna Loa, Haváí, agus freagair na ceisteanna seo a leanas.




**Fíor 2**

**(i)** Cén bhliain a sáraíodh leibhéal sábháilte an $CO_2$ san atmaisféar den chéad uair?

| |
|---|
| |

**(ii)** Ríomh an méid a bhí an tomhas ar an $CO_2$ san atmaisféar in 2024 os cionn an leibhéil shábháilte.

| |
|---|
| Obair Gharbh: |
| Freagra: |

**(e)** Is sampla de ghníomh díreach gach ceann de na téarmaí a liostaítear thíos. Meaitseáil gach sampla leis an gcur síos is fearr a mheaitseálann é sa tábla. Tá ceann amháin déanta duit.

| **Samplaí de Ghníomh Díreach** | | | |
|---|---|---|---|
| **A**<br>Eagrú pobail | **B**<br>Roghanna eile a chruthú | **C**<br>Easumhlaíocht shibhialta | **D**<br>~~Baghcat~~ |

| **Cur síos** | **Sampla** |
|---|---|
| Diúltú plé le duine, táirge, eagraíocht, nó tír. | **D** |
| Dlí á bhriseadh ag daoine nó neamhaird á tabhairt ag daoine ar dhlí d'aon ghnó chun athrú a thabhairt chun cinn sa tsochaí nó sa dlí. | |
| Gníomh comhoibríoch ina bhforbraíonn daoine caidrimh agus ina n-oibríonn siad le chéile i gceantar nó i ngrúpa áitiúil chun cás a athrú iad féin. | |
| Tionscnaimh, eagraíochtaí, gnólachtaí, cultúir nua nó réitigh eile a bhunú chun freastal ar riachtanais na sochaí nó an chomhshaoil. | |

**(f)** Sainmhínigh *coilíneachas.*

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(g)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le cur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ráiteas.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Cur chuige eacnamaíochta is ea an Dífhás ina bhfuil béim ar fhás eacnamaíoch agus forbairt dhaonna a scaradh óna chéile. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Is cur chuige eacnamaíochta í Eacnamaíocht Taoschnónna a chuir Kate Raworth chun cinn ina moltar go sáródh gníomhartha an duine teorainneacha sóisialta agus pláinéadacha. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Is éard is Geilleagar Ciorclach ann ná samhail táirgeachta agus tomhaltais ina moltar táirgí nua a cheannach agus aon rud nach bhfuil úsáideach a thuilleadh a chaitheamh amach. | ☐ | ☐ |

**(h)** **(i)** Sainaithin gluaiseacht ceartas aeráide **amháin** sa Domhan Thuaidh a bhfuil staidéar déanta agat air.

| |
|---|
| |

**(ii)** Maidir leis an ngluaiseacht a shainaithin tú i gcuid **(i)**, luaigh éileamh **amháin** atá an ghluaiseacht sin ag iarraidh a bhaint amach.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(i)** Is sampla amháin í fianaise stairiúil de shonraí a úsáidtear mar fhianaise ar an téamh domhanda atá spreagtha ag an duine.
Liostaigh **trí** shampla eile de shonraí a úsáidtear mar fhianaise ar an téamh domhanda atá spreagtha ag an duine.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |


**(j)** Déan staidéar ar **Fhíor 3** agus **Fhíor 4** thíos ina léirítear sampla den chaoi ar féidir le éiceachórais athrú, agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Fíor 3**



Itheann na héisc an t-alga agus na miocróib ar dhromchla na sceireacha, rud a fhágann go bhfaigheann na sceireacha spás, solas agus cothaithigh chun fás agus bíonn sceir coiréil shláintiúil ann mar thoradh air seo.

**Fíor 4**



Tagann titim ar líon na n-iasc de bharr na ró-iascaireachta; bíonn an iomarca alga ag fás sa sceir coiréil; faigheann na sceireacha bás agus tagann titim níos mó ar líon na n-iasc.

**(i)** Cén Domhanchóras a bhfuil tagairt á déanamh dó san eolas thuas?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Bithsféar ☐
Geoisféar ☐
Atmaisféar ☐
Crióisféar ☐


**(ii)** Luaigh bealach **amháin** a bhfuil bithéagsúlacht éiceachóras na sceire coiréil a léirítear i **bhFíor 4** thuas éagsúil le héiceachóras na sceire coiréil a léirítear **Fíor 3**.

| Roinn B | 160 marc |
|---|---|

Freagair **ceithre** cheist ar bith sa roinn seo. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

**Ceist 2** **(40 marc)**

**(a)** Déan scrúdú ar an léaráid i **bhFíor 5** thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.




**Fíor 5**

**(i)** Sainaithin an timthriall a thaispeántar sa léaráid i **bhFíor 5**.

| |
|---|
| |

**(ii)** Liostaigh **dhá** linn charbóin a thaispeántar i **bhFíor 5**.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(iii)** I gcás ceann **amháin** de na foinsí carbóin atá lipéadaithe sa léaráid i **bhFíor 5**, mínigh conas a scaoileann sé carbón isteach san atmaisféar.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Mínigh bealach **amháin** a bhfuil gach ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas ina cúis leis an iarmhairt ceaptha teasa mhéadaithe.

- Iompar
- Athrú ar thalamhúsáid
- Teicneolaíocht


| |
|---|
| Iompar: |
| |
| |
| |
| |
| Athrú ar thalamhúsáid: |
| |
| |
| |
| |
| Teicneolaíocht: |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Scrúdaigh dúshlán **amháin** a bhaineann le haistriú cóir a bhaint amach don earnáil talmhaíochta in Éirinn **agus** mol cur chuige chun an dúshlán sin a shárú.



**Ceist 3** **(40 marc)**

**(a)** Déan staidéar ar an ngrafaic eolais i **bhFíor 6** thíos ina léirítear eolas faoi réitigh dhúlrabhunaithe a bhaineann le héiceachórais aigéin agus chósta, agus freagair na ceisteanna a leanas.




**Fíor 6**

**(i)** De réir na grafaice eolais i **bhFíor 6**, cén buntáiste a bhaineann le mangróibh in éiceachóras cósta?

**(ii)** Mínigh, agus sampla á úsáid agat, an chaoi ar féidir le héiceachóras **ar bith** dé-ocsaíd charbóin a cheapadh.

**(b)** Agus tú ag obair ar na tascanna foghlama feidhmí, rinne tú forbairt ar do scileanna éascaithe. Baineann gach ceann de na ceisteanna seo a leanas leis na scileanna éascaithe sin.

**(i)** Cad atá i gceist le h*éascú* ar phlé nó ar chruinniú?

| |
|---|
| |
| |
| |

Tá sé aontaithe ag fiche duine i do phobal, ó réimse leathan cúlraí socheacnamaíocha agus cultúrtha, páirt a ghlacadh i bplé chun fiosrú a dhéanamh ar fhís choiteann do thodhchaí an phobail. Iarradh ortsa an plé a phleanáil agus a éascú.

**(ii)** Sainaithin **trí** thoisc is gá duit a chur san áireamh agus tú ag pleanáil an chruinnithe chun na bacainní a d'fhéadfadh a bheith roimh rannpháirtíocht a íoslaghdú.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

**(c)** **(i)** Ainmnigh sampla de chinneadh beartais náisiúnta in Éirinn atá i ndiaidh tionchar a bheith aige ar an gcomhshaol.

| |
|---|
| |

**(ii)** Scrúdaigh an chaoi a raibh tionchar ag tosca cultúrtha ar an mbeartas sin.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4** **(40 marc)**

Léigh an sliocht thíos as tuarascáil Oxfam ar an gComhionannas agus freagair na ceisteanna a leanas.

## Tuarascáil Oxfam ar an gComhionannas Aeráide, 2019




**Ag dó i dtreo na tubaiste, astaíochtaí ollmhóra carbóin na ndaoine is saibhre ar domhan.**

Tá lucht 1% an mhór-rachmais lárnach i scéal na haeráide ar thrí bhealach:

1. an carbón a astaíonn siad ina saol laethúil de bharr tomhaltais, ar a n-áirítear na luaimh, na scairdeitleáin phríobháideacha agus saol na bhfuíoll atá acu;
2. a gcuid infheistíochtaí agus scairshealbh i dtionscail a dhéanann an-truailliú agus a leasanna dílsithe airgeadais in status quo an gheilleagair; agus
3. an tionchar iomarcach a bhíonn acu ar na meáin, ar an ngeilleagar agus ar chúrsaí polaitíochta.

**Neamhionannais tionchair**

Is sa Domhan Theas a tharla níos mó ná 91% de na básanna le 50 bliain anuas a tharla de bharr tubaistí a bhain leis an aeráid. Tá líon na marbh de bharr tuilte seacht n-oiread níos airde sna tíortha is mó atá thíos leis an neamhionannas i gcomparáid leis na tíortha atá níos cothroime. Sa chaoi chéanna a bhfuil an-éagothroime ann maidir leis na daoine atá freagrach as géarchéim an athraithe aeráide sa lá atá inniu ann, tá neamhionannas as cuimse ann maidir leis an tionchar atá aige.

**(a)** Liostaigh **dhá** shampla ón sliocht thuas den chaoi a n-astaíonn lucht an mhór-rachmais carbón seachas de bharr tomhaltais**.**

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(b)** Scrúdaigh an chaoi a bhfuil contúirt níos mó ag baint le tionchair an athraithe aeráide do dhaoine sa Domhan Theas. Bíodh tagairt agat do shampla ón Domhan Theas i do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Mínigh an chaoi a bhfuil pobal nuálach **amháin** in Éirinn ag dul in oiriúint d'éifeachtaí an athraithe aeráide.

| Pobal nuálach in Éirinn: |
| --- |
| An chaoi a bhfuil an pobal sin ag dul in oiriúint d'éifeachtaí an athraithe aeráide: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Nuair a thagann éagothroime eacnamaíochta agus éagothroime atá bunaithe ar eitneacht le chéile, is féidir go laghdófar ar chumas daoine le freagairt don athrú aeráide.

Mínigh an fáth a bhfuil sin amhlaidh.

| |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(40 marc)**

Déan staidéar ar an amlíne thíos ina dtugtar eolas ar roinnt de chruinnithe Choinbhinsiún na bPáirtithe (COP) faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus freagair na ceisteanna a leanas.

**1992** – Cruinniú Mullaigh na Cruinne, Rio. Iarradh ar rialtais Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide a shíniú. Taobh amuigh den chruinniú mullaigh, chruthaigh ENRanna agus eagraíochtaí pobail *Conradh Fiachais*.

**1997** – COP3, an tSeapáin. Ghlac 84 tír le *Prótacal Kyoto*.

**2000** – COP6, an Ísiltír. Tharla an chéad 'chruinniú mullaigh de chuid an phobail um cheartas aeráide' taobh amuigh de chomhdháil na Náisiún Aontaithe. Tarlaíonn na cruinnithe mullaigh gluaiseachta sóisialta sin gach bliain anois.

**2001** – COP7, Maracó. Aontaíodh ar ionstraimí cistithe agus pleanála le haghaidh oiriúnaithe.

**2007** – COP13, an Indinéis. Tarlaíonn agóidí faoi choincheap an fhiachais aeráide. Cur i láthair ón IPCC ar AR4.

**2009** – COP15, an Danmhairg. Ag cruinniú mullaigh an phobail, shínigh 254+ eagraíocht, as an Domhan Theas den chuid is mhó, dearbhú 'Aisíoc an Fiachas Aeráide: Toradh Cóir agus Éifeachtach do Chóbanhávan'.

**2010** – COP16, Meicsiceo. Tugann ionadaithe as stáit oileánacha bheaga an coincheap *caillteanas agus damáste* isteach.

**2013** – COP19, an Pholainn. Cuireadh *Meicníocht Idirnáisiúnta Vársá do Chaillteanas agus Damáiste* ar bun chun aghaidh a thabhairt ar dhochar i dtíortha atá i mbaol.

**2014** – COP20, Peiriú. Tugtar foláireamh in AR5 an IPCC go mbeidh seans níos mó ann go dtarlóidh tionchair thromchúiseacha, dho-athraitheacha mura gcuirfear srian leis an athrú aeráide.

**2015** – COP21, an Fhrainc. *Comhaontú Pháras* – Thángthas ar chomhaontú domhanda atá ina cheangal dlí chun ardú ar theochtaí domhanda a choinneáil faoi bhun 2°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha.

**2022** – COP27, an Éigipt. Freastalaíonn 636+ stocaire breoslaí iontaise. Comhaontú chun *Ciste Caillteanais agus Damáiste* a bhunú chun cabhrú le tíortha atá i mbaol.

**2023** – COP28, AEA. 2,456 stocaire breoslaí iontaise i láthair. Geallann na tíortha saibhre $700m don chiste caillteanais agus damáiste.


**(a)** Agus úsáid á baint agat as an amlíne thuas, sainaithin **trí** chomhlacht nó grúpa a raibh tionchar acu ar na gealltanais idirnáisiúnta a tugadh ag na COPanna éagsúla a fhorbairt.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

**(b)** Mínigh go hachomair cad is brí le gach ceann de na téarmaí seo a leanas:

- Fiachas éiceolaíoch
- Fiachas aeráide.

| |
|---|
| Fiachas Éiceolaíoch: |
| |
| |
| Fiachas Aeráide: |
| |
| |




**(c)** In 2022, d'eisigh an IPCC an séú tuarascáil mheastóireachta dá gcuid inar luadh den chéad uair 'patrúin stairiúla agus leanúnacha den éagothroime amhail coilíneachas' mar nithe a chuireann leis an éagóir aeráide.
Mínigh sampla **amháin** ina gcuireann an coilíneachas leis an éagóir aeráide.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Mínigh an fáth a bhfuil sé tábhachtach go n-íocfadh tíortha saibhre airgead isteach i gcistí a bheidh ar fáil do thíortha ón Domhan Theas ar mhaithe le hoiriúnú agus maolú don athrú aeráide.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Déan plé ar shampla **amháin** den chaoi ar athraíodh beartas in Éirinn mar gheall ar na gealltanais idirnáisiúnta a tugadh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú mar chuid de chruinnithe Choinbhinsiún na bPáirtithe (COP) faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC).

UNFCCC

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6** **(40 marc)**

**(a)** Déan staidéar ar an bhfótagraf d'éiceachóras i **bhFíor 7** thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.



**Fíor 7**

**(i)** Mol toisc thimpeallachta **amháin** a bhféadfá staidéar a dhéanamh uirthi san éiceachóras atá san fhótagraf i **bhFíor 7**.

| |
|---|
| |

**(ii)** Déan cur síos achomair ar mhodh oiriúnach **amháin** chun sonraí príomhúla a bhailiú san éiceachóras seo.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(iii)** Mínigh an chaoi a gcinnteofá cruinneas agus tú ag bailiú sonraí in éiceachóras.

**(b)** Le linn do chuid staidéir, rinne tú iniúchadh ar thionchar toisce timpeallachta ar éiceachóras áitiúil roghnaithe. Freagair na ceisteanna thíos faoin iniúchadh a rinne tú.

**(i)** Sainaithin an t-éiceachóras áitiúil a ndearna tú staidéar air.

**(ii)** Luaigh an toisc thimpeallachta a roghnaigh tú.

**(iii)** Déan cur síos agus tabhair míniú ar chonclúid fhoriomlán **amháin** ar tháinig tú uirthi de bharr an iniúchta a rinne tú.

**(c)** Mínigh, agus úsáid á baint as sampla(í) ar a ndearna tú staidéar, an chaoi ar féidir le héifeachtúlacht uisce cabhrú chun geilleagar a dhícharbónú.



## Roinn C — 80 marc

Ní mór aiste a scríobh mar fhreagra ar na ceisteanna sa roinn seo.

Freagair ceist **amháin** sa roinn seo.  Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

**Ceist 7** **(80 marc)**




Is bealach éifeachtach í an fhorbairt inbhuanaithe, mar a chuimsítear leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (*SDGs* i mBéarla), chun inbhuanaitheacht dhomhanda a bhaint amach.

Cé chomh mór agus a aontaíonn tú leis an ráiteas seo?
Cosain do fhreagra.

Ba cheart an méid seo a leanas a bheith i do fhreagra:

- tuiscint ar bhunús choincheap na hinbhuanaitheachta
- critic ar an bhforbairt agus ar an bhforbairt inbhuanaithe
- machnaimh ar theorainneacha pláinéadacha agus ceartas aeráide
- an chaoi a mbaineann an caipitleachas agus cur chuige eacnamaíochta amháin eile leis an inbhuanaitheacht.

**Nó**

**Ceist 8** **(80 marc)**



Bíonn tionchar mór ag luachanna agus cruinneshamhail lucht táirgthe na meán ar dhearcthaí an phobail i leith ceisteanna a bhaineann leis an athrú aeráide agus ceartas aeráide, agus is fadhb atá ansin.

Pléigh an ráiteas seo agus tú ag úsáid samplaí de chineálacha éagsúla meán a ndearna tú staidéar orthu.

Bíodh an méid seo a leanas agat i do fhreagra:

- an tslí / na slite a gcuireann foinsí difriúla meán saincheist(eanna) ar a ndearna tú staidéar in iúl don phobal ar bhealaí difriúla
- machnamh ar neamhchothroime idir lucht cruthaithe na meán agus lucht faighte na meán ó thaobh cumhachta, rachmais agus cumas gníomhaithe de
- machnamh ar éifeachtacht na srianta atá ar na meáin chun go gcinntítear tuairisciú cruinn ar shaincheisteanna maidir leis an gceartas aeráide
- conclúid bhailí maidir le cé acu atá fadhb ann nó nach bhfuil leis an gcaoi a dtuairiscítear saincheisteanna ar fud cineálacha difriúla meán cosúil leis an gceann / leis na cinn ar a ndearna tú staidéar.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí le cur in iúl cén cheist ó **Roinn C** atá á freagairt agat.

**Ceist 7** ☐ **Ceist 8** ☐

Bain úsáid as an spás seo le haghaidh pleanála/obair gharbh.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí le cur in iúl cén cheist ó **Roinn C** atá á freagairt agat.

**Ceist 7** ☐ **Ceist 8** ☐

Spás breise le haghaidh freagraí.
Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

## Admhálacha

**Íomhánna**

An íomhá ar leathanach 3: https://world101.cfr.org/sites/default/files/images/photo/2018/03/climate-change_greenhouse-effect_steps.png

Na híomhánna ar leathanach 8: https://wwflpr.awsassets.panda.org/downloads/2024-living-planet-report-a-system-in-peril.pdf

An íomhá ar leathanach 9: https://www.usgs.gov/media/images/usgs-carbon-cycle

An íomhá ar leathanach 11: https://www.gettyimages.ie/detail/photo/aerial-view-of-irish-rural-scene-on-sunny-summer-royalty-free-image/821598590

An íomhá ar leathanach 12: https://www.unepfi.org/wordpress/wp-content/uploads/2023/05/Nbs-Ocean-Infographic-Complete-3.pdf

An íomhá ar leathanach 14: https://policy-practice.oxfam.org/resources/climate-equality-a-planet-for-the-99-621551/

An íomhá ar leathanach 17: https://www.ipcc.ch/report/ar6/wg2/resources/credits/

An íomhá ar leathanach 18: https://www.climate-chance.org/en/framework-recognition-accountability-non-state-actors/

An íomhá ar leathanach 19: https://visitwicklow.ie/listing/glen-of-the-downs-nature-reserve/

An íomhá ar leathanach 21: https://www.freepik.com/premium-ai-image/water-drop-hand-against-natural-background-save-water-concept-world-water-day-conserving-environment-terms-water-resources_316894543.htm

Na híomhánna ar leathanach 22: https://www.globalgoals.org/resources-new/; https://www.linkedin.com/pulse/mastering-media-landscape-key-steps-effective-naif-al-sofyani/

**Téacsanna**

Na sonraí ar leathanach 5: https://gml.noaa.gov/ccgg/trends/data.html

An t-alt ar leathanach 14: https://www.oxfam.org.uk/oxfam-in-action/oxfam-blog/climate-equality-a-planet-for-the-99/

D’fhéadfadh sé gur athchóiríodh ábhar, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Sampla 2

2 uair 30 nóiméad